AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2014
COM(2014) 724 final

2014/0346 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Éilíonn an Coimisiún Eorpach agus an Banc Ceannais Eorpach na córais tomhais um boilsciú a chomhchuibhiú chun dea-fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a áirithiú, agus go háirithe chun beartas éifeachtach airgeadaíochta a chur chun feidhme.

Tá innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí riachtanach chun na nithe seo a leanas a mheasúnú agus a thomhas:

- cóineasú maidir le cobhsaíocht praghsanna laistigh d'AE; agus
- torthaí an bheartais airgeadaíochta sa limistéar euro maidir le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach.

Bíonn córais tomhais chomhchuibhithe um boilsciú in úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar chumas iomaíochta náisiúnta mar chuid de nós imeachta an Choimisiúin maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha.

Chun na gcríoch sin, ní mór innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí a bheith inchomparáide i ngach tír agus i gach réimsí táirgí. Caithfidh siad bheith sách mionsonraithe agus caithfear a bheith in ann iad a sholáthar laistigh de thréimhse réasúnach. Ní mór na figiúirí boilscithe arna ríomh ó innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí bheith ina mbonn oibiachtúil, neamhchlaonta chun cinntí a dhéanamh.

Ina theannta sin, is cúnamh luachmhar iad innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí atá inchomparáide agus iontaofa, mar aon le foinsí eile, chun luachanna eacnamaíocha amhail tuarastail, cíosanna, rátaí úis agus sonraí na gCuntas Náisiúnta a dhíbhoilsciú. Léiríonn na sraitheanna measta um méid ama forbairt feiniméin eacnamaíoch áirithe gan tionchar an bhoilscithe agus tá eolas riachtanach le fáil uathu chun cinntí polaitiúla agus eacnamaíocha a dhéanamh.

I nDeireadh Fómhair 1995, dréachtaíodh agus glacadh Rialachán ón gComhairle maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) agus glacadh 20 rialachán cur chun feidhme sna 17 mbliana ina dhiaidh sin.

Tá rialacha caighdeánaithe a áirithíonn inchomparáideacht uasta tábhachtach do phríomhúsáideoirí innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí , go háirithe don Choimisiún agus don Bhanc Ceannais Eorpach, ach d'athraigh paraiméadair áirithe ó glacadh an creat bunaidh:

- Ó forbraíodh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) glactar leis i bhfad níos mó go bhfuil gá le cur chuige comhchuibhithe i gcás go leor de na gnéithe modheolaíochta a bhaineann le hinnéacsanna praghsanna do thomhaltóirí.
- Tá athruithe móra tagtha ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le sonraí a bhailiú agus le hinnéacsanna a thiomsú mar gheall ar an dul chun cinn teicneolaíochta tapa atá tarlaithe le blianta beaga anuas. Fágann córais teicneolaíochta faisnéise chumhachtacha gur féidir modhanna a ghlacadh nach smaoineofaí orthu scór bliain ó shin: tá athrú iomlán tagtha ar chleachtais bailithe sonraí i ngeall ar shonraí ó scanóirí a bheith ar fáil agus tá forbairt leanúnach ag teacht ar úsáid foinsí éagsúla idirlín chun praghsanna a fháil.

- Bhunaigh Conradh Liospóin socrú nua maidir leis an nós imeachta coiste, lenar tugadh isteach gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme. Caithfidh an méid sin a bheith soiléir sa chreat dlíthiúil.

Fágann na hathruithe éagsúla sin go léir gur gá athdhréachtú ar an reachtaíocht maidir le hICPTanna chun an bunús dlí a nuachóiriú agus a réasúnú agus é a chur in oiriúint do riachtanais an lae inniu, idir riachtanais iarbhír agus riachtanais fhéideartha. Tugann an t-athbhreithniú seo ar an Rialachán maidir le ICPT deis do na páirtithe leasmhara machnamh ar na rialacha agus na moltaí atá ann cheana féin, iad a chuíchóiriú agus díriú ar ghnéithe ar leith de réir a n-ábharthachta reatha agus ar mhaithe le leas na n-úsáideoirí éagsúla a chur chun cinn.

Cuid mhaith de na réimsí beartais ina mbíonn ról gníomhach ag AE, éilíonn siad faisnéis ar imeachtaí agus ar fhorbairtí a dhéanann difear d'innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí ionas gur féidir cuspóirí oibriúcháin a chinneadh agus an dul chun cinn a mheas. Ceanglaíonn reachtaíocht AE ar Eurostat freisin díbhoilsceoirí den chaighdeán is airde a chur ar fáil, agus is úsáideach dóibh ICPTanna. Ní mór na hinnéacsanna a bheith tráthúil, cruinn, iomlán, comhtháite agus inchomparáide ar leibhéal AE agus idir grúpaí éagsúla táirgí. Ní fhéadfaí na ceanglais sin a chomhlíonadh ach amháin má dhéantar nuachóiriú ar an reachtaíocht Eorpach maidir le ICPT.

Cumhdaítear sa Rialachán maidir le ICPT atá beartaithe prionsabail Chód Chleachtais an Staidrimh Eorpaigh maidir le tiomantas do cháilíocht, modheolaíocht fhónta, éifeachtacht costais, ábharthacht, cruinneas, iontaofacht, comhtháiteacht agus inchomparáideacht.

2. TORTHAÍ COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Grúpaí saineolaithe ina raibh táirgeoirí staitisticí, go háirithe institiúidí náisiúnta staidrimh, agus úsáideoirí staitisticí, lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach, an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta, phléigh siad an dréacht-Rialachán maidir le hICPTanna. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach.

Measadh nár ghá measúnú tionchair.

3. GNÉITHE DLÍ AN TOGRA

Is é is cuspóir don togra seo creat coiteann dlí a bhunú le haghaidh táirgeadh innéacsanna comhchuibhithe ag na Ballstáit, agus beidh mar chuid den phróiseas sin innéacsanna praghsanna comhchuibhithe do thomhaltóirí a bhailiú, a thiomsú, a phróiseáil agus a thíolacadh. Tá siad sin riachtanach chun sonraí maidir le córais tomhais um boilsciú san Aontas Eorpach a sholáthar go córasach.

Leis an togra seo simplítear na ceanglais maidir le tiomsú na n-innéacsanna sin agus soiléirítear iad. Go háirithe, leis an togra seo:

- cuirtear creat nua ginearálta ar fáil a bhaineann le catagóirí soiléire de na grúpaí táirgí;
- bunaítear raon atá soiléir agus sainithe go maith don chur i bhfeidhm ;

- cuirtear bearta sonracha i bhfeidhm i réimsí sonracha amhail sláinte, oideachas, cosaint shóisialta agus árachas;
- tugtar aghaidh ar dhifríochtaí féideartha sa léirmhíniú agus ar dheacrachtaí a bhíonn ag soláthróirí sonraí agus na rialacha á gcur i bhfeidhm acu;
- áirithítear go gcaitear le grúpaí táirgí comhchosúla ar an mbealach céanna ar fud an Aontais Eorpaigh;
- díchuirtear forálacha nach bhfuil ábhartha a thuilleadh; agus
- soiléirítear forálacha ar baineadh míchiall astu san am atá caite.

I gcás inar gá tuilleadh sonraí nó coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme, foráiltear sa Rialachán maidir le féidearthacht gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Go háirithe, chun inchomparáideacht iomlán na n-innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí a áirithiú, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha don mhéid seo a leanas:

- an anailís ar ICPTanna de réir na gcatagóir a bhaineann le haicmiú Eorpach tomhaltais aonair de réir cuspóra (ECOICOP);
- an mhodheolaíocht a úsáidtear chun innéacsanna comhchuibhithe a tháirgeadh;
- brí agus úsáid na n-aonad staidrimh;
- na meáchain a úsáidtear chun innéacsanna comhchuibhithe agus meiteashonraí faoi na meáchain a ríomh;
- an féilire bliantúil chun innéacsanna comhchuibhithe agus fo-innéacsanna a tharchur;
- caighdeáin maidir le sonraí agus meiteashonraí a mhalartú;
- coinníollacha maidir le sonraí a athbhreithniú;
- faisnéis bhunúsach agus modhanna a bheidh le húsáid, bunaithe ar mheastóireacht na dtreoirstaidéar; agus
- ceanglais theicniúla um dhearbhú cáilíochta a bhaineann le hábhar na dtuarascálacha bliantúla ar cháilíocht, an spriocdháta chun na tuarascálacha sin a chur chuig Eurostat agus struchtúr an fhardail.

Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 291 de CFAE, tugtar leis an Rialachán atá beartaithe cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún.

I gcomhréir le hAirteagal 290 de CFAE, déanann an Rialachán atá beartaithe an chumhacht chun gníomhartha neamhreachtacha a ghlacadh a bhfuil feidhm ghinearálta leo le cur le codanna neamhriachtanacha den Rialachán nó lena leasú, déanann sé an chumhacht sin a tharmligean chuig an gCoimisiún. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin:

- inchomparáideacht ar leibhéal idirnáisiúnta a áirithiú maidir le haicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra (COICOP), aicmiú a úsáidtear chun ICPT a anailísiú;
- tairseach a bhunú nach mbeidh aon oibleagáid fo-innéacsanna innéacsanna comhchuibhithe a chur ar fáil faoina bun; agus

- liosta a bhunú de na fo-innéacsanna nach bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit a thairgeadh.

Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe sin ualach suntasach riaracháin breise ar na Ballstáit.

Féachann an togra le haghaidh Rialachán leasaithe maidir le hICPTanna le beart aonair dlí a chumhdóidh gach coinníoll aonfhoirmeach a cheapadh. Faoi láthair tá 20 rialachán cur chun feidhme éagsúil ann. Faoin Rialachán nua chuimseofaí iad ar fad in aon Rialachán amháin, rud a thabharfadh breis soiléireachta do pháirtithe leasmhara agus do na Ballstáit agus a dhéanfadh cúrsaí riaracháin níos fusa agus níos éifeachtaí. Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí na straitéise atá molta do chreat dlí nua ICPT na ceanglais agus a gcur chun feidhme a shimpliú sa tslí sin.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht do bhuiséad AE.

2014/0346 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2494/95

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ceaptar innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPTanna) chun boilsciú a thomhas ar bhealach comhchuibhithe i ngach Ballstát. Úsáideann an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí ina measúnú ar chobhsaíocht praghsanna sna Ballstáit faoi Airteagal 140 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an Conradh).

(2) Úsáideann an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí mar innéacs chun an tslí a bhaintear amach cuspóir CEBC maidir le cobhsaíocht praghsanna faoi Airteagal 127(1) den Chonradh a thomhas, rud a bhfuil ábharthacht ar leith aige chun beartas airgeadaíochta an Aontais a shainmhíniú agus a chur chun feidhme faoi Airteagal 127(2) den Chonradh.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle[2] bunaíodh creat coiteann chun innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí a chur ar bun. Ní mór an creat dlíthiúil a chur in oiriúint do riachtanais reatha agus do dhul chun cinn teicniúil.

(4) Cuirtear san áireamh sa Rialachán seo clár rialála níos fearr an Choimisiúin agus, go háirithe, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le rialáil chliste san Aontas[3]. I réimse

[1] IO C […]

[2] Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 1995 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (IO L 257, 27.10.1995, Lch. 1).

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'Rialáil chliste san Aontas Eorpach', COM(2010)543

an staidrimh, tosaíocht ag an gCoimisiún is ea simpliú agus feabhsú na timpeallachta rialála i staidrimh[4].

(5) Ba cheart innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí a mhiondealú de réir catagóirí den aicmiú Eorpach tomhaltais aonair de réir cuspóra (ECOICOP). Ba cheart go n-áiritheofaí leis an aicmiú sin go mbeidh na staitisticí Eorpacha ar fad a bhaineann le tomhaltas príobháideach comhsheasmhach agus inchomparáide. Ba cheart do ECOICOP freisin bheith ag teacht le COICOP na Náisiún Aontaithe, mar atá an caighdeán idirnáisiúnta lena n-aicmítear tomhaltas aonair de réir cuspóra, agus dá bhrí sin, ba cheart é a chur in oiriúint do na hathruithe ar COICOP na Náisiún Aontaithe.

(6) Bíonn na gnáthinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí bunaithe ar phraghsanna arna mbreathnú, lena n-áirítear cánacha ar tháirgí freisin. Dá réir sin, bíonn an boilsciú faoi thionchar athruithe ar rátaí cánach ar tháirgí. Ní mór faisnéis a bhailiú freisin faoi thionchar na n-athruithe cánach ar bhoilsciú chun boilsciu a anailísiú agus coinbhéirseacht a mheasúnú sna Ballstáit. Chun na críche sin, ba cheart innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí a ríomh ar bhonn praghsanna rátaí cánach tairiseacha chomh maith.

(7) Céim mhór i dtreo feabhas a chur ar ábharthacht agus ar inchomparáideacht innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí is ea innéacsanna praghsanna a bhunú do theaghaisí agus go háirithe do thithe úinéir-áitithe (innéacsanna OOH). Tá innéacsanna praghsanna tithe ina mbonn riachtanach chun innéacsanna OOH a thiomsú. Ina theannta sin, tá innéacsanna praghsanna tithe ina dtáscairí tábhachtacha iontu féin.

(8) Ba cheart tréimhse thagartha na n-innéacsanna praghsanna a nuashonrú go tráthrialta. Ba cheart rialacha a leagan síos maidir le tréimhsí tagartha innéacsanna comhchuibhithe coiteanna agus a bhfo-innéacsanna arna gcomhtháthú ag pointí éagsúla ama chun inchomparáideacht agus ábharthacht na n-innéacsanna atá mar thoradh ar an gcomhtháthú sin a áirithiú.

(9) Chun feabhas a chur ar chomhchuibhiú ar innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí de réir a chéile, ba cheart treoirstaidéir a sheoladh chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht faisnéis bhunúsach bhreise a úsáid nó cineálacha cur chuige nua modheolaíochta a chur i bhfeidhm.

(10) Ba cheart Treoir maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le hinnéacsanna comhchuibhithe d'ard-chaighdeán a tháirgeadh a thabhairt i lámhleabhar modheolaíochta chun cabhrú leis na Ballstáit innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí atá inchomparáide a chur ar fáil. Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) an lámhleabhar modheolaíochta a chur ar bun i ndlúthchomhar leis na Ballstáit laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach agus ba cheart é a nuashonrú go rialta. San fhardal ICPT bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(2)(b) den Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) a chur ar an eolas faoi dhíbhéirseachtaí, más ann dóibh, idir na

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le 'modh táirgthe staidrimh AE: fís do na deich mbliana atá romhainn', COM(2009) 404 final .

modhanna staitistiúla a úsáidtear agus iad siúd atá molta sa lámhleabhar modheolaíochta.

(11) Ba cheart don Choimisiún (Eurostat) na foinsí agus na modhanna a fhíorú a úsáideann na Ballstáit chun innéacsanna comhchuibhithe a ríomh agus ba cheart dó faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata dlí ag na Ballstáit. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún (Eurostat) comhphlé tráthrialta a choimeád ar bun le húdaráis staidrimh na mBallstát.

(12) Tá faisnéis chúlra riachtanach chun measúnú a dhéanamh an bhfuil na hinnéacsanna comhchuibhithe mionsonraithe arna soláthar ag na Ballstáit inchomparáide a ndóthain. Chomh maith leis sin, cabhraíonn modhanna agus cleachtais tiomsúcháin trédhearcacha a úsáidtear sna Ballstáit leis na páirtithe leasmhara go léir tuiscint a fháil ar na hinnéacsanna comhchuibhithe agus a gcaighdeán a fheabhsú tuilleadh. Ba cheart, dá bhrí sin, sraith rialacha a bhunú maidir le meiteashonraí comhchuibhithe a thuairisciú.

(13) Chun caighdeán na n-innéacsanna comhchuibhithe a áirithiú, ba cheart sonraí rúnda agus meiteashonraí a mhalartú idir an Coimisiún (Eurostat), na bainc cheannais náisiúnta agus an Banc Ceannais Eorpach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(14) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon caighdeáin choiteanna staitistiúla a cheapadh le haghaidh innéacsanna comhchuibhithe, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(15) Chun inchomparáideacht a áirithiú ar leibhéal idirnáisiúnta maidir leis an aicmiú tomhaltais aonair de réir cuspóra a úsáidtear chun ICPT a anailísiú agus chun oiriúnú d'athruithe ar COICOP na Náisiún Aontaithe a dhearbhú, chun tairseach a bhunú nach mbeidh aon oibleagáid fo-innéacsanna ar innéacsanna comhchuibhithe a chur ar fáil faoina bun, agus chun liosta a bhunú de na fo-innéacsanna nach gá do na Ballstáit a chur ar fáil, déanfar an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hinnéacsanna comhchuibhithe. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

(16) Chun inchomparáideacht iomlán innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí a áirithiú, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha maidir leis an méid seo a leanas: chun ICPT a anailísiú de réir chatagóirí ECOICOP, don mhodheolaíocht atá i bhfeidhm chun

[5] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, Lch. 164).

innéacsanna comhchuibhithe a tháirgeadh, don fhaisnéis arna soláthar ag na haonaid staidrimh, chun meáchain agus meiteashonraí ar na meáchain a sholáthar, chun féilire bliantúil a bhunú chun na hinnéacsanna agus na fo-innéacsanna comhchuibhithe a tharchur, do na caighdeáin maidir le malartú sonraí agus meiteashonraí, do na coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh athbhreithnithe, d'fhaisnéis bhunúsach fheabhsaithe nó modhanna feabhsaithe arna mbunú ar mheastóireacht ar threoirstaidéir agus do riachtanais maidir le dearbhú cáilíochta teicniúla a bhaineann le hábhar na dtuarascálacha bliantúla ar cháilíocht, leis an spriocdháta chun an tuarascáil a sholáthar don Choimisiún (Eurostat), agus le struchtúr an fhardail. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha den sórt sin a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(17) Agus bearta cur chun feidhme agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún éifeachtúlacht costais a chur san áireamh go hiomlán.

(18) I gcomhthéacs Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, iarradh ar an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach a threoir ghairmiúil a chur ar fáil.

(19) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 a aisghairm.

[6] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, Lch. 13.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo creat coiteann maidir le forbairt, táirgeadh agus scaipeadh innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPTanna) agus innéacsanna praghsanna tithe (HPI) ar leibhéal an Aontais, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal fonáisiúnta.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'staitisticí a fhorbairt' modhanna, caighdeáin agus nósanna imeachta staitistiúla a úsáidtear i dtáirgeadh agus i scaipeadh staitisticí a bhunú agus a fheabhsú, d'fhonn bearta agus táscairí nua staitistiúla a cheapadh;

(b) ciallaíonn 'staitisticí a tháirgeadh ' na céimeanna uile a bhaineann le staitisticí a thiomsú, lena n-áirítear iad a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a anailísiú;

(c) ciallaíonn 'staitisticí a scaipeadh' an ghníomhaíocht lena ndéantar staitisticí, anailís ar staitisticí, agus eolas neamhrúnda a chur ar fáil d'úsáideoirí;

(d) ciallaíonn 'táirgí' earraí agus seirbhísí mar a shainmhínítear iad i bpointe 3.01 d'Iarscríbhinn A de Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (dá ngairfear 'CCE 2010' anseo feasta);

(e) ciallaíonn 'praghsanna do thomhaltóirí' na praghsanna ceannaigh a íocann teaghlaigh chun táirgí aonair a cheannach trí bhíthin idirbhearta airgeadaíochta;

(f) ciallaíonn 'praghas ceannaigh' an praghas iarbhír a íocann an ceannaitheoir as táirgí, lena n-áirítear aon chánacha lúide fóirdheontais ar na táirgí, tar éis na lascainí do cheannacháin ar an mórchóir nó do cheannacháin seachbhuaice a bhaint ó phraghsanna caighdeánacha nó ó mhuirir chaighdeánacha, gan ús nó seirbhísí táillí breise arna gcur leis faoi shocruithe creidmheasa a áireamh ná aon mhuirir bhreise arna dtabhú mura ndéantar an íocaíocht laistigh den tréimhse arna sonrú ag am an cheannaigh;

(g) ciallaíonn 'innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPTanna)' na hinnéacsanna inchomparáide praghsanna do thomhaltóirí a tháirgeann gach Ballstát;

(h) ciallaíonn 'innéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí ag rátaí cánach tairiseacha' innéacsanna a thomhaiseann athruithe ar phraghsanna do thomhaltóirí thar thréimhse ama gan tionchar na n-athruithe ar rátaí cánach ar tháirgí i rith na tréimhse sin a áireamh;

[7] Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le córas Eorpach na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, Lch. 1).

(i) ciallaíonn 'riarpraghsanna' na praghsanna atá leagtha síos go díreach ag an rialtas nó atá go mór faoi thionchar an rialtais;

(j) ciallaíonn 'innéacs praghsanna tithíochta úinéir-áitithe (innéacs OOH)' innéacs a thomhaiseann athruithe ar phraghsanna idirbheart na n-áitreabh atá nua san earnáil teaghlaigh agus praghsanna táirgí eile a fhaigheann na teaghlaigh ina ról mar úinéirí-áititheoirí;

(k) ciallaíonn 'innéacs praghsanna tithe (HPI)' innéacs a thomhaiseann athruithe ar phraghsanna idirbheart na n-áitreabh a cheannaíonn teaghlaigh;

(l) ciallaíonn 'fo-innéacs ICPT 'innéacs praghsanna d'aon cheann de na catagóirí den aicmiú Eorpach tomhaltais aonair de réir cuspóra (dá ngairtear' ECOICOP' anseo feasta) mar atá bunaithe san Iarscríbhinn;

(m) ciallaíonn 'innéacsanna comhchuibhithe' innéacsanna ICPT, ICPT-CT, OOH agus HPI;

(n) Ciallaíonn 'innéacs Laspeyres' innéacs praghsanna den fhoirm

$$P_L = \frac{\sum (P_{tn} \bullet Q_{t0})}{\sum (P_{t0} \bullet Q_{t0})}$$

i gcás inarb é P innéacs coibhneasta na leibhéal praghsanna in dhá thréimhse, inarb é Q na cainníochtaí a thomhlaítear, inarb é t_0 an tréimhse thagartha agus inarb é t_n an tréimhse a bhfuil an t-innéacs á ríomh di;

(o) Ciallaíonn 'innéacs de chineál Laspeyres' innéacs a thomhaiseann meánathruithe ar phraghsanna ar bhonn caiteachais gan athrú i gcomparáid leis an tréimhse thagartha, i.e. a choinníonn patrún tomhaltais na dteaghlach tairiseach ón tréimhse thagartha amach.

(p) ciallaíonn 'tréimhse thagartha innéacs' an tréimhse ina bhfuil an t-innéacs socraithe ag 100 pointe innéacs;

(q) ciallaíonn 'faisnéis bhunúsach' i dtagairtí do ICPT agus ICPT-CT sonraí a chumhdaíonn na nithe seo a leanas:

– aon phraghas ceannaigh ar tháirgí a chaithfear a chur san áireamh chun fo-innéacsanna ICPT a ríomh de réir an Rialacháin seo,

– gach saintréith a chinneann praghas an táirge agus aon saintréith eile a bhaineann leis an gcuspóir do thomhaltóirí i dtrácht,

– faisnéis maidir le cánacha agus dleachtanna máil arna dtobhach,

– faisnéis maidir le cibé an bhfuil praghas á riar go hiomlán nó go páirteach, agus

– gach meáchan a léiríonn leibhéal agus struchtúr tomhaltais na dtáirgí lena mbaineann.

(r) ciallaíonn 'faisnéis bhunúsach' i dtagairtí d'innéacsanna OOH agus HPI sonraí a chumhdaíonn an méid seo a leanas

– gach praghas idirbheart i gcás áitribh a cheannaíonn teaghlaigh a chaithfear a chur san áireamh chun innéacsanna HPI a ríomh i gcomhréir leis an Rialachán seo,

– gach saintréith a chinneann praghas na teaghaise nó saintréithe ábhartha eile.

(s) ciallaíonn 'teaghlach' teaghlach mar a shainmhínítear i mír 2.119 (a) agus (b) d'Iarscríbhinn A, d'ESA 2010 é, beag beann ar stádas náisiúntachta nó stádas cónaitheora;

(t) ciallaíonn 'críoch eacnamaíoch an Bhallstáit' an chríoch mar a shainmhínítear i mír 2.05 d'Iarscríbhinn A, d'ESA 2010 é, ach amháin go gcuimsítear na hiamhchríocha allchríche atá laistigh de theorainneacha na tíre agus go n-eisiatar na hiamhchríocha críochacha atá sa chuid eile den domhan;

(u) ciallaíonn 'caiteachas airgeadaíochta tomhaltais deiridh teaghlaigh' an chuid sin den chaiteachas tomhaltais deiridh arna thabhú ag:

– teaghlaigh,

– in idirbhearta airgeadaíochta,

– ar chríoch eacnamaíoch an Bhallstáit,

– ar tháirgí a úsáidtear chun riachtanais nó mianta daoine aonair a shásamh go díreach, mar a shainmhínítear i mír 3.101 d'Iarscríbhinn A d'ESA 2010 iad,

– i gceann den dá thréimhse atá á gcur i gcomparáid nó sa dá cheann;

(v) ciallaíonn 'athrú suntasach ar an modh táirgthe' athrú a mheastar a mbeidh tionchar aige ar an ráta bliantúil athraithe ar Innéacs Comhchuibhithe ar leith nó ar chuid de in aon tréimhse, athrú a bheidh níos mó ná:

– 0.1 pointe céatadáin i gcás mhíreanna uile ICPT nó OOH nó HPI,

– 0.3, 0.4, 0.5 nó 0.6 pointe céatadáin d'aon rannán, grúpa, aicme nó fo-aicme ECOICOP (5 dhigit) faoi seach.

Airteagal 3

Na hinnéacsanna comhchuibhithe a thiomsú

1. Cuirfidh na Ballstáit gach innéacs comhchuibhithe mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(m) ar fáil don Choimisiún (Eurostat).

2. Tiomsófar innéacsanna comhchuibhithe trí úsáid a bhaint as foirmle de chineál Laspeyres.

3. Beidh an ICPT agus ICPT-CT bunaithe ar athruithe ar phraghsanna agus ar mheáchain na dtáirgí a áirítear i gcaiteachas airgeadaíochta tomhaltais deiridh teaghlaigh.

4. Ní chumhdóidh ICPT idirbhearta idir teaghlaigh, ach amháin i gcás cíosanna a íocann tionóntaí le tiarnaí talún príobháideacha, áit a mbeidh siadsan ag gníomhú mar tháirgeoirí margaidh seirbhísí a cheannaíonn teaghlaigh (tionóntaí).

5. Déanfar fo-innéacsanna ICPTanna a thiomsú do chatagóirí ECOICOP. Déanfar coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le hanailís ar ICPTanna de réir chatagóirí

ECOICOP a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 4

Inchomparáideacht na n-innéacsanna comhchuibhithe

1. Chun go mbeadh ICPTanna nó inneacsanna OOH inchomparáide, ní léireoidh aon difríocht idir tíortha ar gach leibhéal mionsonraí ach difríochtaí in athruithe ar phraghsanna nó i bpatrúin chaiteachais.

2. Aon fho-innéacsanna de na hinnéacsanna comhchuibhithe a chlaonann ó choincheapa nó ó mhodhanna an Rialacháin seo, measfar iad a bheith inchomparáide má bhíonn de thoradh orthu innéacs a mheastar a mbaineann na difríochtaí córasacha seo leis:

   (a) níos lú ná nó cothrom le 0.1 faoin gcéad ar an meán ar feadh bliana amháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ó innéacs a tiomsaíodh de réir chur chuige modheolaíochta an Rialacháin seo, i gcás ICPT;

   (b) níos lú ná nó cothrom le haon faoin gcéad ar an meán ar feadh bliana amháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ó innéacs a tiomsaíodh de réir chur chuige modheolaíochta an Rialacháin seo, i gcás OOH agus HPI.

   I gcás nach féidir an ríomh sin a dhéanamh, ní mór na hiarmhairtí a bhaineann le húsáid modheolaíochta a chlaonann ó choincheapa nó ó mhodhanna an Rialacháin seo a leagan amach go mionsonraithe.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 chun an Iarscríbhinn a mhodhnú chun inchomparáideacht na n-innéacsanna comhchuibhithe a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú, saineofar an mhodheolaíocht iomchuí chun innéacsanna comhchuibhithe inchomparáide a tháirgeadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 5

Ceanglais maidir le sonraí

1. Baileoidh na Ballstáit faisnéis bhunúsach ar a dtír d'innéacsanna comhchuibhithe agus dá bhfo-innéacsanna.

2. Gheofar an fhaisnéis ó aonaid staidrimh faoi mar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93[8] ón gComhairle iad.

3. Na haonaid staidrimh a sholáthraíonn faisnéis ar tháirgí a áirítear sa chaiteachas airgeadaíochta tomhaltais deiridh teaghlaigh, comhoibreoidh siad chun an fhaisnéis bhunúsach a bhailiú nó a sholáthar de réir mar is gá. Cuirfidh na haonaid staidrimh

[8] Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir le haonaid staidrimh chun an córas táirgeachta sa Chomhphobal a bhreathnú agus a anailísiú (IO L 76, 30.3.1993, Lch. 1).

faisnéis chruinn iomlán ar fáil, i bhfoirm leictreonach má iarrtar sin. Arna iarraidh sin do na comhlachtaí náisiúnta atá freagrach as staitisticí oifigiúla a thiomsú, cuirfidh na haonaid staidrimh faisnéis ar fáil i bhfoirm leictreonach, amhail sonraí ó scanóirí agus a mhionsonraithe agus is gá chun innéacsanna comhchuibhithe a tháirgeadh agus chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas inchomparáideachta agus ar cháilíocht na n-innéacsanna comhchuibhithe. Déanfar coinníollacha aonfhoirmeacha chun an fhaisnéis seo a sholáthar a chur ar fáil trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

4. Déanfar na hinnéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna a scálú le tréimhse thagartha an innéacs choitinn 2015. Beidh feidhm ag an scálú maidir le hinnéacs Eanáir 2016.

5. Déanfar na hinnéacsanna comhchuibhithe agus a bhfo-innéacsanna a athscálú le tréimhse thagartha innéacs choitinn nua má bhíonn athrú mór ar an modheolaíocht le haghaidh innéacsanna comhchuibhithe nó gach 10 mbliana ó 2015 ar aghaidh. Rachaidh an t-athscálú leis an tréimhse thagartha innéacs nua i bhfeidhm maidir leis an innéacs d'Eanáir na bliana féilire dár gcionn. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 chun rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le hathscálú innéacsanna comhchuibhithe atá nasctha le hathruithe móra ar an modheolaíocht.

6. Chun nach gcuirfear ualach gan ghá ar na Ballstáit agus a mhéid nach bhfuil tábhacht le fo-innéacsanna innéacsanna comhchuibhithe ach thar thairseach áirithe, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 d'fhonn tairseach a bhunú nach mbeidh aon oibleagáid fo-innéacsanna a chur ar fáil faoina bun.

7. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 d'fhonn liosta fo-innéacsanna ECOICOP a bhunú nach gá do na Ballstáit a tháirgeadh, toisc nach gcumhdaíonn siad tomhaltas príobháideach, sin nó nach leor an méid comhchuibhithe modheolaíochta.

Airteagal 6
Minicíocht

1. Cuirfidh na Ballstáit ICPT, ICPT-CT agus a bhfo-innéacsanna faoi seach ar fáil don Choimisiún (Eurostat) ar bhonn míosúil, lena n-áirítear na fo-innéacsanna nach dtáirgtear chomh minic céanna.

2. Cuirfidh na Ballstáit innéacsanna OOH agus HPI ar fáil don Choimisiún (Eurostat) ar bhonn ráithiúil. Is féidir iad a chur ar fáil ar bhonn míosúil ar bhonn deonach.

3. Níl oibleagáid ar na Ballstáit fo-innéacsanna a tháirgeadh ar bhonn míosúil nó ráithiúil más rud é go gcomhlíonann bailiú sonraí níos annaimhe ceanglais inchomparáideachta Airteagal 4. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas faoi na catagóirí ECOICOP agus OOH nach bhfuil rún acu iad a bhailiú chomh minic le gach mí nó gach ráithe, faoi seach.

4. Gach bliain, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú agus nuashonrú ar mheáchain fo-innéacsanna do na hinnéacsanna comhchuibhithe. Bunófar coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le meáchain agus meiteashonraí ar na meáchain a sholáthar trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 7
Spriocdhátaí, caighdeáin mhalairte agus athbhreithnithe

1. Cuirfidh na Ballstáit innéacsanna comhchuibhithe agus na fo-innéacsanna uile ar fáil don Choimisiún (Eurostat) tráth nach déanaí ná 20 lá féilire i ndiaidh dheireadh na míosa tagartha i gcás sraitheanna míosúla agus 85 lá féilire tar éis dheireadh na ráithe tagartha i gcás sraitheanna ráithiúla.

2. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún (Eurostat) na sonraí agus na meiteashonraí a cheanglaítear a thabhairt leis an Rialachán seo i gcomhréir le caighdeáin maidir le sonraí agus meiteashonraí a mhalartú.

3. Fo-innéacsanna innéacsanna chomhchuibhithe atá foilsithe cheana, féadfar iad a athbhreithniú.

4. Bunú féilire bliantúil chun na hinnéacsanna comhchuibhithe agus na fo-innéacsanna dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach, na caighdeáin chun sonraí agus meiteashonraí a mhalartú dá dtagraítear i mír 2 agus na coinníollacha aonfhoirmeacha le haghaidh athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, déanfar an méid sin a mhionshonrú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 8
Treoirstaidéir

1. Aon uair a mbíonn faisnéis bhunúsach fheabhsaithe riachtanach chun innéacsanna comhchuibhithe a thiomsú, nó nuair is léir an gá atá le hinchomparáideacht fheabhsaithe innéacsanna sna modhanna dá dtagraítear in Airteagal 4(2), féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) treoirstaidéir a sheoladh a bheidh le déanamh ar bhonn deonach ag na Ballstáit.

2. Measfaidh na treoirstaidéir a indéanta agus a bheadh sé faisnéis bhunúsach fheabhsaithe a fháil nó cineálacha nua cur chuige modheolaíochta a ghlacadh.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) torthaí na dtreoirstaidéar a mheas i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le príomhúsáideoirí na n-innéacsanna comhchuibhithe, agus na buntáistí á gcur san áireamh a bhaineann le faisnéis fheabhsaithe ar phraghsanna i ndáil leis na costais bhreise a bhaineann lena bailiú agus lena tiomsú.

4. Arna mbunú ar mheastóireacht na dtreoirstaidéar, déanfar faisnéis bhunúsach fheabhsaithe nó modhanna feabhsaithe a thabhairt isteach trí bhíthin gníomhartha cur

chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 9
Dearbhú cáilíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht na n-innéacsanna comhchuibhithe a sholáthraítear. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir um chaighdeáin cháilíochta atá leagtha síos in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

2. Cuirfidh na Ballstáit na nithe seo a leanas ar fáil don Choimisiún (Eurostat):

   (a) tuarascáil bhliantúil um chaighdeáin cháilíochta a chumhdaíonn na critéir cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009;

   (b) fardal bliantúil ina mbeidh mionsonraí na bhfoinsí sonraí, na sainmhínithe agus na modhanna a úsáideadh, lena n-áirítear sonraí faoi aon dibhéirseachtaí idir na modhanna staitisitúla a úsáideadh agus iad siúd arna moladh sa lámhleabhar modheolaíoch; agus

   (c) tuilleadh faisnéis ghaolmhar atá mionsonraithe a dóthain chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas inchomparáideachta agus cáilíocht na n-innéacsanna comhchuibhithe má iarrann an Coimisiún (Eurostat) sin.

3. Má bheartaíonn Ballstát athrú suntasach a dhéanamh ar mhodhanna táirgthe na n-innéacsanna comhchuibhithe nó cuid díobh, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas trí mhí ar a dhéanaí sula dtiocfadh aon athrú den sórt sin i bhfeidhm. Cuirfidh an Ballstát meastóireacht chainníochtúil ar thionchar an athraithe ar fáil don Choimisiún (Eurostat).

4. Ceanglais theicniúla um dhearbhú cáilíochta maidir le hábhar na tuarascála bliantúla um chaighdeáin cháilíochta, an spriocdháta chun an tuarascáil a chur ar fáil don Choimisiún (Eurostat), agus struchtúr an fhardail, déanfar iad a bhunú trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

Airteagal 10
An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Go ceann tréimhse neamhchinntithe a thabharfar tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 5(5) go (7).

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus in Airteagal 5(5) go (7) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh Cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a

shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(4) agus Airteagal 5(5) go (7) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 11
Coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 12
Aisghairm

1. Gan dochar do mhír 2, leanfaidh na Ballstáit le hinnéacsanna comhchuibhithe a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 go dtí go dtarchuirfear na sonraí a thagraíonn do 2015.

2. Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 2494/95, le héifeacht ón 1 Eanáir 2016. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 13
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Gabhfaidh éifeacht leis den chéad uair maidir le sonraí a thagraíonn d'Eanáir 2016.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*